Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7733/18**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0081 (COD)**

**SOC 182**
**EMPL 137**
**SAN 100**
**IA 85**
**CODEC 482**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 87 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 87 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 87 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.4.2018
SWD(2018) 87 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**
**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

{COM(2018) 171 final} - {SWD(2018) 88 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair ar Thogra eile chun na hiarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2004/37/CE maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha a leasú** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is féidir nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an láthair oibre a bheith mar shiocair le hailse, arb í an fhadhb sláinte is mó a bhaineann leis an obair i mBallstáit an Aontais, agus le fadhbanna suntasacha sláinte eile nach mbaineann le hailse. Chun cuidiú a thabhairt oibrithe a chosaint ar na rioscaí sin, ghlac an tAontas Eorpach Treoir 2004/37/CE maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha. Leagtar síos leis an Treoir sin ceanglais sa réimse seo chun deireadh a chur le nochtadh, nó é a laghdú, lena n-áirítear teorainnluachanna nochta ceirde. Mar sin féin, is gá an Treoir sin a nuashonrú go rialta ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Tá dhá thogra reachtacha lena ndéanfaí an Treoir a nuashonrú – COM(2016)248 agus COM(2017)11, a bhaineann le 20 carcanaigin ar an iomlán – á moladh. Tá an chéad leasú glactha cheana ag na comhreachtóirí – Treoir (AE) 2017/2398. Cumhdaítear sa mheasúnú tionchair seo a ghabhann leis an tríú togra 5 oibreán cheimiceacha eile dá nochtar thart ar 1 000 000 oibrí ina láthair oibre. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh trí chuspóir ar leith a bhaint amach:<br>• Nochtadh ceirde do charcanaiginí agus só-ghineacha a laghdú san Aontas Eorpach;<br>• Éifeachtacht chreat an Aontais a mhéadú trína thabhairt cothrom le dáta ar bhonn saineolas eolaíoch;<br>• Cosaint níos cothroime a bhaint amach d'oibrithe ar fud an Aontais in aghaidh carcanaiginí agus breis soiléireachta agus cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Trí bhíthin teorainnluachanna nochta ceirde nua a bhunú nó na teorainnluachanna nochta ceirde a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir a athbhreithniú, tabharfar níos mó soiléireachta d'fhostóirí agus do lucht forfheidhmiúcháin, agus leis sin déanfar comhlíonadh agus forfheidhmiú na Treorach maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha a éascú agus a fheabhsú, agus cosaint oibrithe freisin dá bharr sin. Tríd na bearnaí sna teorainnluachanna nochta ceirde náisiúnta atá ann cheana a laghdú nó tríd na bearnaí atá ann de bharr nach ann do theorainnluachanna nochta ceirde a líonadh, is féidir le beart ar leibhéal an Aontais cuidiú chun an t-íosleibhéal cosanta atá á thabhairt do gach oibrí san Aontas a fheabhsú agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú i measc gnólachtaí san Aontas. Ní leor beart a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát amháin chun dul i ngleic leis na hábhair imní sin agus, dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil gá le beart ar leibhéal an Aontais chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus tá an méid sin ag teacht le hAirteagal 5(3) CAE. |

| B. Réitigh |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Sainaithníodh roinnt roghanna agus cuireadh i leataobh iad i dtaobh na gcarcanaiginí i dtrácht. Mar shampla, measadh go mbeadh sé díréireach cosc a chur leo san ionad oibre agus measadh nach mbeifí in ann cuidiú ar bhealach suntasach chun na fadhbanna a sainaithníodh a réiteach ar bhonn treoir neamhreachtach nó féinrialúchán amháin. Bunaíodh na moltaí maidir le roghanna reachtacha i dtaca le seacht gcinn de charcanaiginí (teorainnluachanna nochta ceirde in Iarscríbhinn III) ar thorthaí pléití a bhí ar bun ag eolaithe, fostóirí, oibrithe agus ionadaithe ó na Ballstáit. I gcás fhormhór an gcarcanaiginí, rinneadh anailís ar roghanna níos déine agus ar roghanna nach raibh chomh dian. Meastar go bhfuil na roghanna arna gcoinneáil comhlántach agus, i roinnt cásanna, go gcuirfidh siad luach breise le bearta REACH sna cásanna lena mbaineann. Is é an bealach is fearr chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach do pháirtithe leasmhara ná oibreáin cheimiceacha a liostú go soiléir sa Treoir maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha chomh maith leis na teorainnluachanna nochta ceirde agus ar an gcaoi sin beifear in ann bainistiú a dhéanamh ar an riosca ó nochtadh ceirde do charcanaiginí ceimiceacha. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Tacaíonn na Comhpháirtithe Sóisialta agus na Ballstáit, a bhfuil ionadaíocht acu ar an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, leis na roghanna ar fad arna gcoinneáil. Chun aon dúshlán teicniúil nó |

eacnamaíoch d'fhostóirí a mhaolú, beartaítear idirthréimhsí i gcás dhá ghrúpa substaintí (caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha, beirilliam agus comhdhúile beirilliam neamhorgánacha) i ngach earnáil, agus i gcás grúpa amháin substaintí (aigéad arsanaice agus a shalainn, comhdhúile arsanaice neamhorgánacha) in earnáil an bhruithnithe copair.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

### Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?

**Is iad tairbhí na rogha beartais tosaíochta cosaint níos fearr a bhaint amach le haghaidh os cionn 1 000 000 oibrí san Aontas agus os coinn 22 000 cás de thinneas a bhaineann leis an obair a chosc**.

Dá bhrí sin, bheadh mar thoradh uirthi mianach saoil níos fearr le haghaidh oibrithe agus a dteaghlaigh, agus laghdú ar na costais chúraim sláinte dhíreacha agus indíreacha a bhíonn ar an duine aonair. Bhainfeadh córais slándála sóisialaí tairbhe as laghdú ar chostais chóireála agus as caiteachas níos lú ar neamhghníomhaíocht/luathscor a bhaineann léi agus ar chúiteamh i leith galair cheirde. Is dócha go mbainfeadh fostóirí tairbhe as laghdú a theacht ar neamhláithreacht agus ar chaillteanais táirgiúlachta. Agus, ar deireadh, thabharfaí níos mó soiléireachta d'fhostóirí agus do lucht forfheidhmiúcháin ach teorainnluachanna nochta ceirde a bheith leagtha síos don Aontas Eorpach.

Léirítear i staidéar a rinneadh ar son an Choimisiúin gurb iad seo a leanas na tairbhí is mó a bhfuiltear ag súil leo do na páirtithe leasmhara éagsúla: EUR 1 go 5 bhilliún i gcás oibrithe agus EUR 181 mhilliún i gcás údaráis riaracháin, de bharr teorainnluach nochta ceirde a thabhairt isteach le haghaidh formaildéid; agus EUR 15 mhilliún i gcás gnólachtaí de bharr teorainnluach nochta ceirde a thabhairt isteach le haghaidh beirilliam.

### Cad iad costais na rogha tosaíochta?

I gcás roinnt carcanaiginí, beidh tionchar ag an rogha thosaíochta ar chostais oibriúcháin d'fhiontair a mbeidh orthu bearta breise cosanta agus coisctheacha a chur i bhfeidhm. Is amhlaidh a bheidh go háirithe i gcás formaildéid agus caidmiam agus a chomhdhúile neamhorgánacha, i gcás ina meastar gur fiú EUR 1.72 billiún i gcás formaildéid agus EUR 447 milliún i gcás caidmiam na costais iomlána a bheadh ar an tionscal thar thréimhse 60 bliain, de bharr na rogha arna coinneáil.

Mar sin féin, tá líon ard cuideachtaí i gceist i gcás formaildéid agus i gcás caidmiam is cuideachtaí móra den chuid is mó atá i gceist. Dá bhrí sin, meastar gur costais mheasartha a bheadh ar na cuideachtaí i dtéarmaí coibhneasta i gcás an dá shubstaint. Ní dhéanfadh an pacáiste seo de roghanna tosaíochta aon oibleagáid bhreise faisnéise a fhorchur ná ní thabhódh fiontair ualaigh riaracháin sa bhreis dá bharr agus ní dócha go nginfeadh sé aon chostais shuntasacha ó thaobh an chomhshaoil de.

### Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

I gcás comhdhúile caidmiam agus arsanaice, níl baint ag FBManna leis na tionscail sin den chuid is mó, ach ní hamhlaidh atá i gcás beirilliam, formaildéid agus 4,4'-Meitiléin-bis(2-clóranailín) (MOCA). Is léir ón anailís a rinneadh go mbeadh na FBManna in ann na costais a sheasamh. Meastar go dtitfeadh na costais is mó ar FBManna a bhíonn ag déileáil le formaildéid agus le beirilliam agus, go háirithe, na cuideachtaí sin nach bhfuil aon infheistíocht déanta acu go fóill chun oibrithe a chosaint trí bhíthin córais dúnta nó ionadaíochta. Mar sin féin, d'fhanfadh na costais a bheadh ar FBManna go mór faoi bhun 1% de láimhdeachas na bhfiontar sin, agus ní mheastar go ndúnfaí aon FBM ná go mbeadh aon éifeacht ar chúrsaí fostaíochta de bharr na dteorainnluachanna nochta ceirde atá beartaithe .

### An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riarachán náisiúnta?

D'fhéadfadh údaráis forfheidhmiúcháin costais riaracháin agus costais forfheidhmiúcháin sa bhreis a thabhú. Mar sin féin, ní mheastar gur costais shuntasacha a bheadh sna costais sin. San am céanna, beidh laghdú costas i gceist má dhéantar teorainnluachanna nochta ceirde a leagan síos ar leibhéal an Aontais seachas ar leibhéal na mBallstát. Ba cheart go gcuideodh an rogha arna coinneáil freisin i dtaobh mhaolú an chaillteanais airgeadais a bheadh ann ó thaobh chórais slándála sóisialta agus cúraim sláinte na mBallstát de, tríd an droch-shláinte a chosc.

### An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Bheadh tionchar dearfach ag na roghanna arna gcoinneáil ar iomaíochas sa mhargadh inmheánach toisc go laghdófaí ar na difríochtaí iomaíochta idir gnólachtaí atá ag obair sna Ballstáit agus a bhfuil teorainnluachanna nochta ceirde éagsúla acu. Níor cheart go mbeadh tionchar suntasach ag na roghanna arna gcoinneáil ar iomaíochas seachtrach ghnólachtaí an Aontais. I bhformhór na gcásanna, tagann na roghanna arna gcoinneáil

| |
|---|
| faoin réimse is ísle de na bearta coibhéiseacha atá bunaithe i dtíortha lasmuigh den Aontas. Tugann an méid sin le tuiscint gur féidir na bearta sin a bhaint amach, go léiríonn siad an dea-chleachtas atá ar fáil, agus ag an am céanna go bhfuil siad uaillmhianach i leith na haidhme atá leo caighdeáin arda idirnáisiúnta a shocrú i dtaca le cosaint oibrithe. Is tionchar dearfach é an tionchar ar chearta bunúsacha, go háirithe maidir le hAirteagal 2 (an ceart chun na beatha) agus Airteagal 31 (an ceart chun dálaí oibre atá ceart agus cóir a bheith aige/aici lena n-urramaítear a shláinte nó a sláinte, a shábháilteacht nó a sábháilteacht agus a dhínit nó a dínit). |

| **D. Iarobair** |
|---|
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Dhéanfaí éifeachtacht an athbhreithnithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Carcanaiginí agus Só-ghineacha a thomhas faoi chuimsiú na meastóireachta ar an gcreat um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde (OSH) dá bhforáiltear in Airteagal 17a de Threoir 89/391/CEE.<br>D'fhéadfadh sé go gcumhdófaí an tréimhse 2017-2022 sa chéad chleachtadh meastóireachta eile. |